**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
r immunisation@hse.ie

Meán Fómhair 2023

**Clár Vacsaínithe sna Bunscoileanna in 2023/2024**

A Phríomhoide, a chara,

Tá FSS an-bhuíoch as comhoibriú Phríomhoidí agus foirne bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfeidhmiú an Chláir Imdhíonachta le haghaidh Scoileanna de chuid FSS chun leanaí a chosaint ó ghalair thógálach thromchúiseach.

Seo litir chun tú a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sna bunscoileanna in 2023/2024.

**An vacsaín ceithre ghalar agus an vacsaín MMR**

Leanfar leis an ngnáth-theanndáileog den vacsaín don diftéire, triuch, póilió agus teiteanas agus leis an dara dáileog den vacsaín don bhruitíneach, leicneach agus rubella (MMR) i gcomhair daltaí sna naíonáin Sóisir. Tabharfaidh foirne vacsaínithe FSS na vacsaíní sin i mbunscoileanna ar fud na tíre ach amháin i gcontaetha Dhún na nGall, Sligeach agus Liatroim áit a dtabharfaidh dochtúirí teaghlaigh iad ina gclinicí.

Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhfaigheadh 95% vacsaín chun cosc a chur ar ráigeanna de ghalair ar féidir a chosc le vacsaín. Tá ísliú tagtha ar ghlacadh na vacsaíne MMR ó tháinig COVID-19 chun cinn. Tá ardú tagtha ar chásanna den bhruitíneach ar fud an domhain rud ar ábhar imní é do shláinte an phobail.

Mar gheall ar sin, déanfaidh Foirne Vacsaínithe Scoile FSS iarracht cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta ó Mhí Mheán Fómhair go Mí na Nollag 2023 chun cosaint a thabhairt do leanaí i Naíonáin Sóisir.

Ba mhór againn é dá ndéanfadh scoileanna pacáistí faisnéise FSS a thabhairt amach do na daltaí mar is gnách. Agus na foirmeacha toilithe comhlánaithe ar fáil, beidh foirne scoile FSS in ann na seisiúin imdhíonta a phleanáil roimh ré—rud atá thar a bheith tábhachtach, go háirithe i mbliana.

Ní féidir le leanaí na vacsaíní a fháil mura mbíonn foirm thoilithe sínithe ag a dtuismitheoir nó ag a gcaomhnóir. Chun é a chur i gcuimhne do thuismitheoirí na foirmeacha toilithe a chur ar ais b'fhéidir gur mian leat faisnéis faoin gclár vacsaíne a chur ar do shuíomh gréasáin, cuntas Twitter nó téacs a chur thart.

Téacs molta chun fógra a thabhairt faoin gclár seo…*"Beidh foirne vacsaínithe scoile FSS ag tabhairt cuairt ar an scoil ar … cuir isteach dátaí chun vacsaíní a thairiscint do Naíonáin Sóisir. Tugadh bileoga faisnéise agus foirmeacha toilithe do na daltaí le tabhairt abhaile. Bí ag súil leis an bhfaisnéis seo agus seol ar ais an fhoirm thoilithe le do thoil chomh luath agus is féidir. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi na vacsaíní ag www.immunisation.ie"*

**Vacsaín Fliú**

Beidh foirne vacsaínithe FSS ag tabhairt na vacsaíne sróine fliú (LAIV) do naíonáin sóisir i mbunscoileanna agus do leanaí ar fad i scoileanna speisialta ar aois bhunscoile ar fud na tíre i mbliana ó lár Mhí Dheireadh Fómhair go lár Mhí na Nollag. Mura bhfaighidh muid deis cuairt a thabhairt ar do scoil i mbliana, beidh an vacsaín ar fáil do leanaí óna ndochtúir ginearálta áitiúil nó ón gcógaslann.

Ní féidir le leanaí na vacsaíní a fháil mura mbíonn foirm thoilithe sínithe ag a dtuismitheoir nó ag a gcaomhnóir. Chun é a chur i gcuimhne do thuismitheoirí na foirmeacha toilithe a chur ar ais b'fhéidir gur mian leat faisnéis faoin gclár vacsaíne a chur ar do shuíomh gréasáin, cuntas Twitter nó téacs a chur thart.

Téacs molta chun fógra a thabhairt faoin gclár seo *…"Beidh foirne vacsaínithe scoile / foirne cúraim phríomhúil (scrios mar is cuí) FSS ag tabhairt cuairt ar ár scoil ar cuir isteach dáta chun vacsaíní a thairiscint do leanaí sna grúpaí bliana seo a leanas: cuir isteach grúpaí bliana. Tugadh bileoga faisnéise agus foirmeacha toilithe do na daltaí le tabhairt abhaile. Bí ag súil leis an bhfaisnéis seo agus seol ar ais an fhoirm thoilithe le do thoil chomh luath agus is féidir. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi na vacsaíní ag www.hse.ie/flu"*

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait féin nó ó do thuismitheoirí tabhairt cuairt ar ár láthair gréasáin agus gheobhaidh tú sonraí teagmhála ar d'oifig imdhíonta áitiúil ag www.immunisation.ie agus www.hse.ie/flu

Go raibh maith agaibh uair amháin eile as do thacaíocht don chlár imdhíonachta le haghaidh scoileanna.

Le meas

An Dr Lucy Jessop
Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta,
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447